

Jingles Christmas Adventure

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi údar óg as Conamara. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

1. achievement
2. lockdown
3. on the market
4. publishing company
5. elf
6. the North Pole
7. extremely proud
8. wish, desire
9. mentioned
10. I'll be delighted



Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin libh iad a aistriú.

Ceist 2

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír den dara huair agus scríobhaigí cuntas gearr ar ábhar na míre. Bíodh eolas faoi na nithe seo a leanas curtha san áireamh agaibh:

- an t-údar féin
- ábhar an leabhair
- tuismitheoirí an údair
- *The Late Late Toy Show*

Ceist 3

'...i gcónaí...'

Éist go cúramach leis an mír arís agus scríobh síos gach sampla den urú a chloiseann tú inti. Bí in ann a rá cén fáth a bhfuil an t-urú sna samplaí a bhreacann tú síos.

Ceist 4 ‘...le linn *na dianghlasála*...’

Cuirtear ainmfhocal cinnte sa tuiséal ginideach tar éis réamhfhocal comhshuite.

Bain amach na lúbíní sna samplaí thíos agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal agus den alt sna bearnaí.

le linn (an samhradh)	_____
tar éis (an geimhreadh)	_____
le haghaidh (an scrúdú)	_____
os comhair (an teach)	_____
ar feadh (an lá)	_____
faoi dheireadh (an mhí)	_____
faoi chúram (an bhean)	_____
i bhfeighil (an bhialann)	_____
i mbun (an obair)	_____

Ceist 5 Bhí comhchiallaigh na bhfocal thíos le cloisteáil sa mhír, cad iad?

- gasúr
- tuairimí
- ag súgradh
- spéis
- millteanach
- athair

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat.

Cad a tharlaíonn do Jingles agus í ag obair le Daidí na Nollaig, dar libh?

Insígí bhur scéal don rang.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|-----------------------|-------------------------------------|
| 1. achievement | <i>éacht, gaisce</i> |
| 2. lockdown | <i>dianghlasáil</i> |
| 3. on the market | <i>ar an margadh</i> |
| 4. publishing company | <i>comhlacht foilsitheoireachta</i> |
| 5. elf | <i>lucharachán</i> |
| 6. the North Pole | <i>an Mol Thuaidh</i> |
| 7. extremely proud | <i>fíorbhródúil</i> |
| 8. wish, desire | <i>mian</i> |
| 9. mentioned | <i>luaite</i> |
| 10. I'll be delighted | <i>beidh ríméad orm</i> |

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

- 'i gContae' – urú tar éis an réamhfhocail shimplí 'i'
'i gcló' – urú tar éis an réamhfhocail shimplí 'i'
'ag an gcomhlacht' – an tuiseal tabharthach, i ndiaidh an ailt
'i gcónaí' – urú tar éis an réamhfhocail shimplí 'i'
'as an ngaisce' – an tuiseal tabharthach, i ndiaidh an ailt
'i nGaillimh' – urú tar éis an réamhfhocail shimplí 'i'
'go mbeidh' – urú tar éis na míre briathartha 'go'

Ceist 4

le linn an tsamhraidh
tar éis an gheimhridh
le haghaidh an scrúdaithe
os comhair an tí
ar feadh an lae
faoi dheireadh na míosa
faoi chúram na mná
i bhfeighil na bialainne
i mbun na hoibre

Ceist 5

gasúr – buachaill
tuairimí – smaointe
ag súgradh – ag spraoi
spéis – suim
millteanach – uafásach
athair – daide

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin tuairimí gach péire a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Tá éacht á baint amach ag buachaill óg dhá bhliain déag d'aois as Conamara mar dhuine de na húdair is óige riamh sa tír chun leabhar a fhoilsiú. Le linn na dianghlasála, thosnaigh¹ Jeaic Breathnach ag scríobh leabhar dar teideal *Jingles Christmas Adventure*, atá anois ar an margadh.

Aodhán Ó Maoileoin

Dhá bhliain déag d'aois atá Jeaic Breathnach agus tá se i rang a sé i Scoil Sailearna in Indreabhán i gContae na Gaillimhe. D'éirigh le Jeaic a chéad leabhar a scríobh le linn na dianghlasála agus tá sé curtha i gcló anois ag an gcomhlacht foilsitheoireachta *Tribes Press*. Bhí suim i gcónaí ag Jeaic a bheith ag léamh ó bhí sé óg agus thosaigh sé ag cur smaointe i leabhar nótaí an t-am seo anuraidh faoin luchtachán ar an tseilf nó *elf on the shelf* a bhíodh ag spraoi ina theach. Agus is as sin a tháinig an leabhar *Jingles Christmas Adventure*.

Jeaic Breathnach, Údar *Jingles Christmas Adventure*

An chéad uair a phioc mé suas leabhar, bhí suim agam sa scríobh. Bhí mé ag léamh leabhair ar nós Roald Dahl, agus David Walliams agus JK Rowling. Agus bhí mé ag iarraidh a bheith i m'údar. Tá sé faoi *elf* agus an t-ainm atá uirthi ná *Jingles* agus lá amháin glaonn Saintí uirthi le haghaidh jab fánach a dhéanamh agus tarlaíonn rud éigint² uafásach ar an Mol Thuaidh agus ... caithfidh tú fáil amach!

Aodhán Ó Maoileoin

Tá a thuismitheoirí Eithne agus Eoin thar a bheith bródúil as an ngaisce atá déanta ag an údar óg.

Eithne Nic Enrí, Máthair Jeaic

Táimid thar a bheith sásta. Tá suim curtha sa leabhar ag na siopaí móra i nGaillimh agus is rud iontach é sin go háirithe d'údar chomh hóg. Níl Jeaic ach dó dhéag agus tá an leabhar anois le fáil in *Dubrays* i nGaillimh, tá sé in *Charlie Byrne's*, tá sé in *Kennys Bookshop* i nGaillimh agus táimid i mbun cainte le *Easons* faoi láthair freisin. Le cúnamh Dé beidh sé istigh ansin agus is iontach an rud é go bhfuil an oiread sin suime curtha ag na siopaí móra sa leabhar. Táimid fíorbhródúil, mar a dúirt mé.

Aodhán Ó Maoileoin

Níl ach mian amháin ag Jeaic an Nollaig seo – go mbeidh a leabhar luaite ar an *Late Late Toy Show* ar an Aoine.

Jeaic Breathnach, Údar *Jingles Christmas Adventure*

Thiomáin mo dhaide³ go pearsanta go dtí RTÉ ag an deireadh seachtaine agus bhí an leabhar ina lámh aige agus tá súil agam go mbeidh an leabhar ar an *Late Late Toy Show*. Beidh sé sin iontach, beidh ríméad orm.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4.

¹ *tosaigh* an leagan caighdeánach

² *éigin* an leagan caighdeánach

³ *daidí* an leagan caighdeánach